

Met Éireann









# Plean Straitéiseach Met Éireann


2024-2034

**Réidh le hAthrú- Éire a ullmhú le haghaidh na n-athruithe ar an aimsir agus ar an aeráid**

**Ag cabhrú le sochaí na hÉireann a bheith ullamh le haghaidh rioscaí maidir leis an aimsir agus an aeráid, agus a bheith in ann freagairt dóibh**



An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage




Múrmhaisiú i gCeanncheathrú Met Éireann i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath. Greanadh deartha ag Ruth Brandt. Inscríbhinn molta ag an Dr. P.M. Austin Bourke, iar-Stiúrthóir Met Éireann: “Is mairg a báitear in am an anfa mar tagann an ghrian I ndiaidh na fearthainne”, seanfhocal Gaeilge.

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Misean | 4 |
| Fís | 4 |
| Spriocanna | 4 |
| Réamhrá an Aire | 5 |
| Réamhrá an Stiúrthóra | 6 |
| Réamhrá | 8 |
| Ár gCroíluachanna | 10 |
| Fís: Réidh le hAthrú | 11 |
| **Sprioc 1** Tacaíocht a thabhairt do chinnteoireacht ilghuaiseacha, bunaithe ar thionchar i gcás teagmhais aimsire agus tuilte. | 13 |
| **Sprioc 2** Seirbhísí aeráide atá dírithe ar an úsáideoir a sholáthar chun tacú le freagairt náisiúnta agus teacht aniar i leith tionchair an athraithe aeráide. | 16 |
| **Sprioc 3** Guth éifeachtach údarásach agus ceannaireacht straitéiseach a sholáthar ar an aimsir agus ar an aeráid in Éirinn. | 18 |
| **Sprioc 4** Barr feabhais agus nuálaíocht eolaíochta a fheabhsú chun na seirbhísí is iontaofa a sholáthar don tsochaí agus chun tacú le timpeallacht fiontraíochta le haghaidh seirbhísí aimsire, tuilte agus aeráide. | 21 |
| **Sprioc 5** Ár dteicneolaíocht agus ár mbonneagar eolaíocht-bhunaithe a mhéadú chun soláthar seirbhísí aimsire, tuilte agus aeráide den chaighdeán is airde a chumasú. | 24 |
| **Sprioc 6** Sainfhórsa oibre gairmiúil agus ardoilte a choinneáil agus a mhéadú le hinbhuanaitheacht i gcroílár na mbealaí a n-oibrímid. | 27 |
| An Todhchaí | 29 |
| Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí | 30 |
| Cur i bhfeidhm | 31 |
| Meastóireacht Feidhmíochta | 32 |
| Gluais na dTéarmaí | 33 |
| Ár Líonra Idirnáisiúnta | 34 |

## Goal 1

Support multi-hazard, **impact-based decision** making for weather and flooding events.

## Goal 2

Deliver user-oriented **climate services** to support national response and resilience to climate change impacts.

## Goal 3

Provide an effective authoritative voice and **strategic leadership** on weather and climate in Ireland.

## Goal 4

Enhance **scientific excellence** and innovation to provide the most reliable services for society and to support an enterprise environment for weather, flood and climate services.

**Collaboration and partnerships**

Met Éireann

# Ready for Change
## - preparing Ireland for changing weather and climate

### Goal 5
Augment our science-based **technology and infrastructure** to enable the provision of highest quality weather, flood and climate services.

### Goal 6
Retain and grow a professional, highly skilled, and **expert workforce** with sustainability at the heart of how we work.

## Misean

Déanann Met Éireann, an tseirbhís náisiúnta meitéareolaíochta, monatóireacht, anailís agus tuar ar aimsir, aeráid agus tuilte na hÉireann. Déanaimid é seo chun seirbhísí den scoth maidir leis an aimsir, an aeráid, agus tuilte a sholáthar do shochaí na hÉireann agus do lucht cinnteoireachta chun beatha agus maoin a chosaint, agus chun leas sochaíoch agus eacnamaíoch níos leithne a chur chun cinn.

## Fís

**Réidh le hAthrú**-a ullmhú le haghaidh na n-athruithe ar an aimsir agus ar an aeráid..

## Spriocanna

**Sprioc 1** Tacaíocht a thabhairt do chinnteoireacht ilghuaiseacha, **bunaithe ar thionchar**, i gcás teagmhais aimsire agus tuilte.

**Sprioc 2** **Seirbhísí aeráide** atá dírithe ar an úsáideoir a sholáthar chun tacú le freagairt náisiúnta agus teacht aniar i leith tionchair an athraithe aeráide.

**Sprioc 3** Guth éifeachtach údarásach agus **ceannaireacht straitéiseach** a sholáthar ar an aimsir agus ar an aeráid in Éirinn.

**Sprioc 4** **Barr feabhais agus nuálaíocht eolaíochta** a fheabhsú chun na seirbhísí is iontaofa a sholáthar don tsochaí agus chun tacú le timpeallacht fiontraíochta le haghaidh seirbhísí aimsire, tuilte agus aeráide.

**Sprioc 5** Ár **dteicneolaíocht agus ár mbonneagar** eolaíocht-bhunaithe a mhéadú chun soláthar seirbhísí aimsire, tuilte agus aeráide den chaighdeán is airde a chumasú.

**Sprioc 6** **Sainfhórsa oibre** gairmiúil agus ardoilte a choinneáil agus a mhéadú le hinbhuanaitheacht i gcroílár na mbealaí a n-oibrímid.



# Réamhrá an Aire

Mar Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tá lúcháir orm Straitéis 2024-2034 Met Éireann, Seirbhís Meitéareolaíochta Éireann, a thabhairt isteach. Tá ról lárnach ag Met Éireann i gcosaint ár sochaí, ár ngeilleagar, agus ár gcomhshaol agus é ag leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí ríthábhachtacha aimsire agus aeráide do Shochaí na hÉireann agus ag tacú le pleanáil éigeandála le linn teagmhais aimsire foircneacha.

Tá go leor deiseanna agus dúshlán os comhair na hÉireann maidir le tuiscint agus freagairt do thionchair aimsire agus aeráide. Chun tacú le Rialtas na hÉireann dul i ngleic leo sin, leagtar amach i Straitéis Met Éireann ár dtiomantas do bharr feabhais eolaíochta a fheabhsú, seirbhísí iontaofa a sholáthar, agus fórsa oibre athléimneach a chothú.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis tacú le cinntí eolasacha trí chur chuige atá bunaithe ar thionchar a chomhtháthú trasna guaiseacha in aghaidh teagmhais aimsire agus tuilte níos minice agus níos foircní. Leanfaidh Met Éireann de bheith ag forbairt seirbhísí aeráide atá dírithe ar an úsáideoir agus ceannaireacht a sholáthar tríd an gCreat Náisiúnta um Sheirbhísí Aeráide chun athléimneacht na hÉireann i leith an athraithe aeráide a neartú agus chun tacú le freagairtí oiriúnaitheacha. Mar ghuth iontaofa na hÉireann ar an aimsir agus ar an aeráid, cuirfear béim faoi leith ar leanúint le ceannaireacht eolaíoch a sholáthar, chun seirbhísí den chaighdeán is airde a chinntiú d'Éirinn.

Cinnteoidh tiomantas Met Éireann do theicneolaíocht agus bonneagar atá bunaithe ar eolaíocht go leanfar le cur in iúl réamhaisnéisí cruinne, faisnéis tuilte agus réamh-mheastacháin aeráide.

Cuirfear béim faoi leith ar oideachas maidir le tionchair teagmhais aimsire agus na gníomhaíochtaí iomchuí le déanamh chun beatha agus maoin a chosaint.

Is iad foireann oilte agus thiomanta Met Éireann cnámh droma na heagraíochta agus an acmhainn is fearr atá againn agus beidh béim leanúnach ar thús áite a thabhairt do shealbhú agus d'fhorbairt tallainne agus ar chultúr foghlama leanúnaí a chothú i dtimpeallacht inbhuanaithe.

Mar fhocal scoir, rianaíonn an Straitéis seo cúrsa i dtreo Éire atá athléimneach ó thaobh na haimsire de. Táim ag tnúth le tacaíocht a thabhairt do Met Éireann agus é ag tabhairt faoin aistear seo, ag obair le chéile, ag baint leasa as an eolaíocht, an nuálaíocht agus an comhoibriú chun folláine na sochaí a chosaint.

*Darragh O'Brien, Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta*

# Réamhrá an Stiúrthóra

Is cuid lárnach dár saol í an aimsir, atá fite fuaite lenár saol laethúil. Dúisímid le rithimí na haimsire, pleanálaimid ár ngníomhaíochtaí timpeall uirthi, agus oiriúnú dá hathruithe.

Cibé an bhfuil stoirmeacha, tuilte, ceo, coinníollacha oighreata, tonnta teasa nó ceathanna séimhe an tsamhraidh le sárú againn, déanaimid talamh slán de go mbeidh rochtain againn ar fhaisnéis ardchaighdeáin faoin aimsir — ar nós gur ghnáth-áis den saol é.


Mar sin féin, cuireann an aeráid athraitheach castacht leis. Méadaíonn uirbiú méadaithe leochaileacht. Seasann Éire, lena tíreolaíocht uathúil agus a nochtadh cósta, ag crosbhóthar tionchar na haimsire agus patrúin athraitheacha aeráide.

Le breis agus 88 bliain anuas, tá an fhaisnéis aimsire, réamhaisnéisí agus rabhaidh phoiblí iontaofa agus is fearr atá ar fáil curtha ar fáil ag Seirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta na hÉireann, Met Éireann.

Ach anois, de réir mar a éiríonn teagmhais foircneacha níos déine agus níos minice, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh a bheith inchurtha leis an dúshlán seo.

Níos faide ná an méid is léir, tá ár straitéis aimsire agus aeráide ag dul i bhfeidhm ar an todhchaí, áit a gcuireann leibhéil na farraige ardaithe i mbaol ár bpobail cois cósta, áit a dtugann patrúin athraitheacha aimsire dúshlán dár bhfeirmeoirí, agus áit a bhfuil feidhmiú ceart na n-éiceachóras íogair sa chothromaíocht.

Sna deich mbliana atá amach romhainn, beidh ár béim ar athléimneacht aimsire agus aeráide — Éire a chumasú le bheith réidh do phatrúin athraithe aimsire chun tuiscint eolaíoch láidir a thógáil ar ár n-aimsir agus ár n-aeráid atá ag athrú, saolta agus maoin a chosaint agus ár sochaí agus ár ngeilleagar a threalmhú don athrú sin.



***"Sna deich mbliana atá amach romhainn, beidh ár béim ar athléimneacht aimsire agus aeráide – rud a chuirfidh ar chumas na hÉireann a bheith réidh do phatrúin athraithe aimsire chun tuiscint eolaíoch láidir a thógáil ar ár n-aimsir agus ar ár n-aeráid atá ag athrú, saolta agus maoin a chosaint agus ár sochaí agus ár ngeilleagar a ullmhú don athrú sin.***



Is compás é an doiciméad seo — treoir a dhéanann réamh-mheas ar riachtanais seirbhíse thar na deich mbliana atá amach romhainn. Díríonn sé ar cad is dóichí a bheidh indéanta go heolaíoch agus go teicneolaíoch agus a leagann amach príomhspriocanna agus cuspóirí atá dírithe ar thorthaí mar gharspriocanna san aistear chun tacú le hÉirinn a bheith réidh don aimsir agus don aeráid atá ag athrú agus a dtionchair. Tá sé i gceist treochlár a sholáthar do Met Éireann chun freastal ar dheiseanna agus ar dhúshláin na mblianta atá le teacht. Ar an mbealach seo feidhmeoidh an straitéis Réidh le hAthrú mar léargas níos leithne agus níos fadtéarmaí chun eolas a thabhairt agus feabhas a chur ar straitéisí agus pleananna a chuirtear i bhfeidhm ar fhrámaí ama níos giorra trí Ráiteas Straitéise na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Is toradh é ár bplean straitéiseach ar chomhiarracht a rinne ár bhfoireann agus lucht bainistíochta Met Éireann, i gcomhairle leis an Roinn níos leithne, páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe sna pobail phoiblí, phríobháideacha agus acadúla/taighde. Tá sé ailínithe go dlúth leis an gClár don Rialtas, leis an gCreat Pleanála Náisiúnta, le Pleanáil Gníomhaíochta Náisiúnta ar son na hAeráide, an Plean Forbartha Náisiúnta, an Straitéis Náisiúnta Réamhaisnéise Tuilte Cósta, an Creat Náisiúnta Oiriúnaithe, an Plean Maolaithe Náisiúnta, Tionchar 2030, an Straitéis um Sheirbhísí Meitéareolaíochta agus Hidreolaíochta Náisiúnta na hEorpa, Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2016-2030, Deich mBliana d'Eolaíocht Aigéin na NA um Fhorbairt Inbhuanaithe agus plean straitéiseach WMO (An Eagraíocht Mheitéareolaíochta Dhomhanda) 2024-2027.

Ionchorpraíonn sé go cuimsitheach agus léiríonn sé go dlúth ionchuir na bpáirtithe leasmhara agus an smaointeoireacht straitéiseach is déanaí ó na príomheagraíochtaí idirnáisiúnta meitéareolaíochta agus hidreolaíochta ar fad.

Tá ár dtiomantas maidir le bheith ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe agus lenár bpáirtithe leasmhara fós láidir agus muid ag forbairt pleananna forfheidhmithe mionsonraithe ón straitéis seo. Cuirfidh sé seo ar chumas Met Éireann a bheith níos cumasaí, ullmhaithe níos fearr agus níos aclaí inár seachadadh seirbhíse. Trí é sin a dhéanamh, cuirfimid eolas beachta, tráthúil agus inghníomhaithe ar an aimsir, ar thuilte agus ar aeráid ar fáil d'úsáideoirí, ag cuidiú le cinnteoireacht ar gach leibhéal agus ag cothú sochaí agus geilleagar níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos táirgiúla.



*Eoin Moran, Stiúrthóir Met Éireann* ▸

# Réamhrá

Mar Sheirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta na hÉireann, rannán líne é den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tá Met Éireann á chothabháil ag an Stát faoi Choinbhinsiún na hEagraíochta Meitéareolaíochta Domhanda.

Is é an eagraíocht eolaíoch seirbhíse poiblí atá freagrach do Stát na hÉireann as:

- sonraí meitéareolaíochta ar ardchaighdeán a bhailiú agus a chur in iúl.
- seirbhísí aimsire, aeráide agus réamhaisnéis tuilte údarásacha a chur in iúl chun beatha agus maoin daoine a chosaint, agus chun folláine na sochaí agus an gheilleagair i gcoitinne a chur chun cinn.
- taighde a dhéanamh ar an aimsir, ar hidreolaíocht, ar aigéaneolaíocht, agus ar an aeráid, ionas go bhfeabhsófar seirbhísí custaiméara agus go dtacófar le cinnteoireacht, mar chuid den phobal taighde níos leithne.
- ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn os comhair an WMO (an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta), an LERAM (Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin), an EUMETSAT (Eagraíocht Eorpach chun Sochar a Bhaint as Satailítí Meitéareolaíochta), Euro GOOS (Córas Breathnaithe Aigéin Dhomhanda Eorpach), CEFT (Córas Eorpach maidir le Feasacht Tuile), EUMETNET (Líonra Seirbhísí Meitéareolaíochta Náisiúnta Eorpacha).

Leanfaidh Met Éireann ar aghaidh ag cinntiú go mbeidh an fhaisnéis, na huirlisí agus an t-eolas ar an gcaighdeán is airde ag an bpobal, ag príomhdhéantóirí beartais agus ag lucht cinnteoireachta chun na torthaí is fearr a bhaint amach i gcomhthéacs na haimsire, na haeráide agus rioscaí tuilte. Ní mór dúinn é seo a dhéanamh chun tacú le sábháilteacht na saoránach agus chun cabhrú lenár ngeilleagar, ár bhfuinneamh, ár líonra éiceolaíoch, ár mbonneagar agus ár dtimpeallacht nádúrtha a dhaingniú.

Leanann Met Éireann de thiomantas don tseirbhís phoiblí a chorprú trí fhaisnéis údarásach aimsire, réamhaisnéise tuile agus aeráide a sholáthar a thacaíonn le folláine na tíre agus le forbairt gheilleagrach. Tógann an straitéis seo ar an rath atá



bainte amach cheana féin ag Met Éireann ráide, na haigéineolaíochta agus na hidreolaíochta.

Tá tionchar láidir ag aeráid téamh an Domhain ar ár bpatrúin aimsire agus ar ár n-éiceachórais nádúrtha le méadú ar líon na teaghmhais ardtionchair agus drochaimsire. Feiceann Met Éireann na buntáistí is féidir a sholáthar trí chomhoibriú agus trí chomhpháirtíochtaí éifeachtacha. Leanfaimid orainn ag cur ceannaireacht straitéiseach ar fáil maidir le forbairt acmhainn náisiúnta maidir le breathnadóireacht, tuar agus eolas ar an aimsir, ar an aeráid agus ar thuilte. Mar sholáthraí iontaofa seirbhísí aimsire, tuilte agus aeráide leanfaimid ag forbairt acmhainn náisiúnta aimsire, réamhaisnéise tuilte agus aeráide trí chomhordú ar chláir eolaíocha Náisiúnta agus Eorpacha. Cuirfimid eolas eolaíoch i bhfeidhm chun seirbhísí poiblí a bhfuil tionchar acu a chruthú chun tacú le cinnteoireacht le linn imeachtaí ardtionchair aimsire agus tuilte agus chun ullmhú don aeráid atá ag athrú.

Is féidir seirbhísí den scoth a fheabhsú tuilleadh trí fhorbairtí atá ag teacht chun cinn in eolaíocht na meitéareolaíochta, na hidreolaíochta, na haigéaneolaíochta, na teicneolaíochta agus na seirbhísí sonraí a ghiaráil.

Soláthraíonn Meaisínfhoghlaim (MF) agus Intleacht Shaorga (IS) deiseanna chun uirlisí den scoth a chruthú agus seirbhísí atá dírithe ar an úsáideoir a sholáthar. Bainfimid leas as dul chun cinn i Meaisínfhoghlaim agus IS, go háirithe trí chomhoibriú nua atá á mbunú ag leibhéal na hEorpa agus Ollúnacht nua Met Éireann ar Eolaíocht Sonraí don Aimsir, Hidreolaíocht, Aigéaneolaíocht agus Aeráid chun cáilíocht agus seachadadh ár seirbhísí a fheabhsú tuilleadh.

Déanfaimid barrfheabhsú ar rochtain, ar sheachadadh agus ar chumarsáid faisnéise ábhartha agus inghníomhaithe aimsire, aeráide, agus tuilte. Tá sé mar aidhm againn tuiscint iomlán a chinntiú ar an eolas faoin aimsir, faoin aeráid agus faoi thuilte a chuirimid ar fáil trí chláir for-rochtana agus rannpháirtíochta a nascann ár seirbhísí lenár n-úsáideoirí. Bainfimid leas as cumas idirphlé gach cainéal meán lena n-áirítear na meáin shóisialta chun tuiscint an phobail ar eolaíocht a mhéadú.

Tá an straitéis seo uaillmhianach de riachtanas, agus tá an acmhainn is mó atá againn, ár bhfoireann, mar bhonn agus thaca aici lenár spriocanna a bhaint amach. Déanfaimid é seo trí thógáil ar ár gcultúr sármhaitheas eolaíoch agus saineolas teicniúil agus a chinntiú go n-aithnítear Met Éireann mar ionad oibre inbhuanaithe, an-éifeachtach, láidir ó thaobh tionchar de, agus tarraingteach dár bhfostaithe go léir.



# Ár gCroíluachanna

- Barr Feabhais Eolaíoch agus Teicniúil, críochnúlacht, agus oibiachtúlacht
- Ionracas agus proifisiúntacht
- Muinín
- Comhoibriú
- Inbhuanaitheacht
- Tiomantas don tseirbhís phoiblí agus don úsáideoir



# Fís: Réidh le hAthrú

**An dúshlán– ag cabhrú le hÉirinn a ullmhú le haghaidh na hathruithe ar an aimsir agus ar an aeráid**

Le beagnach naoi scór bliain, tá Met Éireann ina ghuth eolaíoch údarásach ar an aimsir agus ar an aeráid in Éirinn. Mar eagraíocht atá bunaithe ar eolaíocht agus ar thaighde, cuireann sé faisnéis iontaofa ar fáil don phobal, don rialtas agus d'earnálacha tábhachtacha amhail eitlíocht agus talmhaíocht. Agus a chuid oibríochtaí uathúla réamhaisnéise agus monatóireachta ar siúl ar feadh an lae, seasann Met Éireann mar fairtheoir leanúnach, ag seachadadh gnáth-réamhaisnéisí laethúla agus rabhaidh thráthúla maidir le drochaimsir atá le teacht.

Sa lá atá inniu ann, tá roinnt dúshlán le sárú ag Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta ar fud an domhain, Met Éireann san áireamh, maidir le seirbhísí a sholáthar don phobal. Forbraíodh fís Met Éireann agus an straitéis chun an fhís seo a sheachadadh mar fhreagra ar na dúshláin seo, ag cur béime ar an ngá a bheith réidh le haghaidh athraithe, athruithe san aimsir agus aeráide agus leis an saineolas agus na huirlisí is gá chun an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar do phobal na hÉireann.

D'fhéadfadh éiginnteachtaí suntasacha a bheith ann don todhchaí de bharr cur isteach teicneolaíochta agus cásanna a bhaineann leis na féidearthachtaí maidir le tairseach criticiúil aeráide a bhaint amach. Ní mór do Met Éireann, mar sin, a bheith lúfar agus nuálaíoch agus iad ag coinneáil suas le dul chun cinn a dhéanamh san eolaíocht mheitéareolaíochta agus aeráide, agus ag cur leo, chun freagairt go héifeachtach do chásanna forásacha dá leithéid.

I measc na ndúshlán a bheidh le sárú ag Met Éireann sna deich mbliana atá amach romhainn beidh an gá atá ag méadú le tionchar an athraithe aeráide a chur in iúl go héifeachtach agus conas a théann patrúin aimsire athraitheacha i bhfeidhm ar an saol laethúil, ar thalmhaíocht, ar bhonneagar agus ar éiceachórais nádúrtha. Is éard atá i gceist le bheith réidh le haghaidh athraithe ná feabhas a chur ar thuar aeráide agus réamhaisnéis tuile, glacadh le dea-chleachtas maidir le húsáid IS agus Meaisínfhoghlaim agus é a fhorbairt, cruinneas múnla aimsire a fheabhsú, agus cuntas a thabhairt ar neamhchinnteachtaí chun patrúin aimsire sa todhchaí, imeachtaí foircneacha, agus athruithe aeráide fadtéarmacha a thuar.

### Athrú Aeráide


Tagraíonn athrú aeráide d'athruithe fadtéarmacha ar mhórscála ar phátrúin aimsire ná meánteochta an domhain. De réir comhdhearcadh eolaíochta doshéanta, is toradh é an t-athrú aeráide atá ag tarlú faoi láthair go príomha ar an mbealach a úsáideann daoine breoslaí iontaise, a scaoileann dé-ocsaíd charbóin agus gáis ceaptha teasa isteach san aer.

### Aimsir sa Todhchaí

í Is éard is aimsir ann ná an comhathrú lá ar lá sa staid atmaisféarach. Is meán í an aeráid den aimsir, a bhfuil teorainn theoriciúil leis na teagmhais foircneacha a bhaineann léi.

In aeráid atá athraithe, athraíonn na pátrúin aimsire agus na teorainneacha maidir le teagmhais fhoircneacha. Is éard is aimsir na todhchaí ann ná an staid aimsire agus na teagmhais fhoircneacha a tharlóidh in aeráid athraithe.





Mar náisiún oileánda, cuireann ardú leibhéil na farraige bagairt ar phobail chósta, ar bhonneagar agus ar éiceachóras. Ní mór do Met Éireann táirgí agus seirbhísí a fhorbairt chun cabhrú leis an tsochaí agus le lucht cinnteoireachta dul i ngleic leis na dúshláin seo.

Le bheith réidh le haghaidh athraithe ní mór ár mbonneagar agus táirgí meitéareolaíochta agus hidrea-mhéitéareolaíochta a ullmhú chun foircinní a thuar níos fearr lena n-áirítear stoirmeacha níos láidre, taoidí níos airde, tonnta móra, tuilte cósta níos déine, creimeadh cósta, borradh stoirme níos mó, agus cur isteach sáile.

Beidh sé ríthábhachtach ullmhacht a fheabhsú le haghaidh teagmhais aimsire foircneacha amhail stoirmeacha, tuilte, tonnta teasa agus guaiseacha eile trí chórais luathrabhaidh. Cuirfidh na córais seo eolas ar fáil do phleanáil práinnfhreagartha agus oideachas poiblí, ag cinntiú go bhfuil Éire réidh le haghaidh teagmhas aimsire ardtionchair.

Is í fís Met Éireann ná a bheith Réidh le hAthrú – Éire a ullmhú le haghaidh na hAthruithe ar an Aimsir agus ar an Aeráid trí chabhrú le sochaí na hÉireann dul i ngleic le rioscaí aimsire agus aeráide agus freagairt dóibh.

**Guaiseacha a bhaineann leis an Aimsir**

Teagmhais a tharlaíonn go nádúrtha mar thoradh ar aimsir a bhféadfadh bás, gortú ná tinneas, briseadh sóisialta agus geilleagrach, nó díghrádú comhshaoil a bheith ann dá bharr. Áirítear leo seo tuilte agus borrthaí stoirme cósta, triomach, tonnta teasa agus tréimhsí fuachta, sciorradh talún, eipidéimí, agus iompar is scaipeadh substaintí nimhiúla nó ábhair brúchta bolcánaigh.

## Sprioc 1

## Tacaíocht a thabhairt do chinnteoireacht ilghuaiseacha, bunaithe ar thionchar i gcás teagmhais aimsire agus tuilte.

De réir mar a éiríonn an t-athrú aeráide níos measa, tiocfaidh cásanna de theagmhais aimsire foircní agus ardtionchair níos minice agus beidh cásanna dúshlánacha aimsire agus tuilte ann a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar gach earnáil den tsochaí agus dár ngeilleagar. Tá sé ríthábhachtach mar sin go dtuigfí go soiléir riachtanais na sochaí agus go gcuirfí le forbairt seirbhísí réamhaisnéise aimsire agus tuilte.

Leanfaidh Met Éireann ar aghaidh ag feabhsú cruinneas agus iontaofacht na faisnéise a sholáthraíonn sé do na páirtithe leasmhara go léir lena n-áirítear an Stát, a shaoránaigh, an tionscal agus an saol acadúil trí chomhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cabhróidh comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt idir Met Éireann agus úsáideoirí deiridh chun an tionchar a mheastar a bheidh ag cásanna aimsire a aithint ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Leanfaimid orainn ag forbairt seirbhísí rabhaidh aimsire ilghuaise, bunaithe ar thionchar agus soláthróimid faisnéis chomhtháite chomhairleach aimsire agus tuilte chun cabhrú le príomhdhéantóirí cinntí il-earnála, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil freagrachtaí bainistíochta éigeandála orthu.

### Réamhaisnéis bunaithe ar thionchar

Aistriú paraidíme ó thuar den saghas aimsire a bheidh ann go tuar dá ndéanfaidh an aimsir ná dá dtarlóidh mar thoradh uirthi. Má tá faisnéis réamhaisnéise agus baol guaiseacha ag teacht le chéile ar an mbealach seo, beidh sé níos éasca cinntí a dhéanamh ná gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun iarmhairtí teagmhas aimsir ardtionchair a mhaolú.



## Cuspóir 1.1

**Cur chuige comhpháirtíochta a threorú maidir le seirbhísí luathrabhaidh bunaithe ar thionchar a mhéadú.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Líonraí páirtithe leasmhara atá ann cheana a neartú agus líonraí nua a fhorbairt chun foghlaim, faisnéis agus eolas a roinnt atá dírithe ar úsáid agus éifeachtacht seirbhísí bunaithe ar thionchar a neartú.
- Oibriú le comhpháirtíochtaí ilghníomhaireachta ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun saineolas a roinnt agus eolas a chur ar fáil d'fhorbairt cleachtais chaighdeánaithe, eiseamláireacha atá bunaithe ar thionchar.
- Úsáid a bhaint as eolaíocht shóisialta agus iompraíochta le tuiscint a fháil ar an gcaoi a léirmhíníonn agus a bhfreagraíonn na húsáideoirí do réamhaisnéisí/rabhaidh/comhairlí chun forbairt seirbhísí agus teachtaireachtaí soiléire comhsheasmhacha bunaithe ar thionchar a mhúnlú.

## Cuspóir 1.2

**Dul i mbun taighde dírithe chun seirbhísí aimsire agus tuilte ilghuaise, bunaithe ar thionchar a fhorbairt agus a fheabhsú.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- An tuiscint ar na tionchair réigiúnacha agus áitiúla a bhíonn ag guaiseacha aimsire agus tuilte agus leochaileachtaí a bhaineann le teagmhais aimsire foircneacha a fheabhsú.
- Leas a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí Meaisínfhoghlaim agus Intleachta Saorga chun forbairt seirbhíse meitéareolaíochta agus hidreolaíochta bunaithe ar thionchar atá dírithe ar an úsáideoir a chur chun cinn.
- Leanúint le feabhas a chur ar chumas na múnlaí tuartha aimsire agus tuilte chun faisnéis agus tacaíocht áitiúil ardchaighdeáin a sholáthar roimh agus le linn teagmhais aimsire ardtionchair.

## Cuspóir 1.3

**Seirbhís náisiúnta réamhaisnéise tuilte ar ardchaighdeán a sholáthar.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Cumas feabhsaithe chun réamhaisnéisí, treoir agus seirbhísí tuilte ar ardchaighdeán a scaipeadh ar phríomhúsáideoirí, chun tacú leis an tSeirbhís Náisiúnta Réamhaisnéise Rabhaidh Tuilte (SNRRT).
- Comhpháirtíochtaí idirghníomhaireachta a thógáil chun an cumas náisiúnta monatóireachta hidriméadrach arna chothabháil ag comhlachtaí comhpháirtíochta a chomhtháthú agus a leathnú tuilleadh chun tacú le ceanglais náisiúnta réamhaisnéise tuilte.
- Leanúint ar aghaidh le taighde agus forbairt a dhéanamh ar shamhlacha hidreolaíocha agus aigéaneolaíochta arna n-oiriúnú do riachtanais sonracha áitiúla agus do riachtanais cinnteoireachta.
- Faisnéis tuilte a chur in iúl trí bhealaí iomadúla a sheachadann faisnéis shoiléir, chaighdeánaithe agus inrochtana d'Éirinn faoi thuilte.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí hidreolaíochta agus aigéaneolaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta chun saineolas agus faisnéis a roinnt chun réamhaisnéis tuile a fhorbairt in Éirinn. Déan cleachtas caighdeánach réamhaisnéise bunaithe ar thionchar i dtáirgí agus i seirbhísí tuilte.
- Leas a bhaint as dul chun cinn in IS agus Meaisínfhoghlaim chun cruinneas ár réamhaisnéisí tuilte a fheabhsú.



## Cuspóir 1.4

**Seirbhísí réamhaisnéise aimsire ilghuaise bunaithe ar thionchar atá ar ardchaighdeán agus iontaofa a sholáthar.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Táirgí agus seirbhísí níos áitiúla agus níos pearsanta a thabhairt isteach.
- Táirgí aimsire a scaipeadh ar ardáin iolracha agus formáidí meán.
- Déan cleachtas réamhaisnéise bunaithe ar thionchar i dtáirgí agus i seirbhísí aimsire.
- Díriú ar fhorbairtí ríomha thuarthacha agus eolaíochta le haghaidh táirgeadh réamhaisnéise ardbheachtais agus logánta.
- Leas a bhaint as dul chun cinn in IS agus Meaisínfhoghlaim chun cruinneas ár réamhaisnéisí aimsire agus ár rabhaidh a fheabhsú agus iad sin a oiriúnú do riachtanais úsáideoirí.
- Monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht seirbhíse chun cáilíocht a chinntiú agus chun forbairt seirbhíse a chur chun cinn.
- Réamhaisnéisí aimsire a chur in iúl trí bhealaí iomadúla a sheachadann faisnéis aimsire atá soiléir, caighdeánaithe agus inrochtana d'Éirinn.
- Saineolas a sholáthar ar bhonn leanúnach ar stádas aimsir na hÉireann.

### Torthaí

An sprioc atá ag Met Éireann chun tacaíocht a fheabhsú le haghaidh cinnteoireacht atá bunaithe ar thionchar, is é a bheidh mar thoradh air seo ná go mbeidh an tsochaí níos ullmhaithe agus go mbeidh cumas níos fearr cosanta sibhialta ann i gcás go dtarlaíonn guaiseacha nádúrtha. Cuirfidh taighde agus forbairt ar sheirbhísí réamhaisnéise aimsire agus tuilte ilghuaise, bunaithe ar thionchar, ar chumas páirtithe leasmhara cinntí eolasacha a dhéanamh nuair is dócha go dtarlóidh aimsir foircneach. Cabhróidh forbairt na seirbhísí seo le saol agus maoin a chosaint. Déanfar na seirbhísí a logánú agus a shaincheapadh freisin chun freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara. Beidh bainistiú níos fearr ann ar rioscaí a bhaineann leis an aimsir, agus coscfaidh seo gortú agus bás; beidh costais níos ísle ag baint le damáiste do mhaoin agus bonneagar Stáit, chomh maith le téarnamh sochaí níos tapúla tar éis teagmhais ardtionchair.

## Sprioc 2

**Seirbhísí aeráide atá dírithe ar an úsáideoir a sholáthar chun tacú le freagairt náisiúnta agus le hathléimneacht i leith thionchar an athraithe aeráide.**

Feabhsóidh Met Éireann ár dtairiscintí seirbhísí aeráide chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar fhaisnéis údarásach agus chaighdeánaithe aeráide na hÉireann. Trí leanúint lenár gcomhpháirtíochtaí a chur chun cinn leis an bpobal taighde/eolaíochta aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta, forbróimid faisnéis fhíoraithe agus eolas cothrom le dáta ar staid aeráide na hÉireann.

Beimid i gcomhpháirtíocht lenár n-úsáideoirí seirbhísí aeráide chun táirgí agus seirbhísí a fhorbairt agus úsáid á baint as an bhfaisnéis aeráide is déanaí chun tacú le beartas agus pleanáil náisiúnta um athléimneacht aeráide, agus chun cinnteoireacht eolasach a chumasú faoi neamhchinnteacht amach anseo.

### Cuspóir 2.1

**Seirbhísí faisnéise aeráide den scoth a tháirgeadh don aimsir agus don aeráid chun tacú le taighde, pleanáil agus gníomhaíocht aeráide.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Saineolas a sholáthar ar stádas aeráide na hÉireann agus anailís deifnídeach ar aeráid na hÉireann a fhoilsiú ar bhonn leanúnach.
- Faisnéis a chur ar fáil maidir le haimsir agus aeráid amach anseo ag baint úsáide as na forbairtí is déanaí san eolaíocht meitéareolaíochta chun réimse seirbhísí ciallmhara a sholáthar ar scála áitiúil, lena n-áirítear réamh-mheastacháin mhíosúla agus shéasúracha, chomh maith le réamh-mheastacháin aeráide níos fadtéarmaí le haghaidh faisnéise aimsire agus aeráide amach anseo.
- Seirbhísí aeráide atá dírithe ar an úsáideoir a sholáthar de réir éilimh, sainsheirbhísí de réir earnála a sholáthar chun tacú le cinnteoireacht, arna gcomhfhorbairt trí chomhoibriú chun tacú le beartas aeráide, pleanáil, bainistiú riosca agus gníomhaíocht.
- Tús a chur le taighde dírithe chun an fhaisnéis is déanaí agus is ábhartha a sholáthar chun tacú le beartas aeráide, le cinnteoireacht agus le gníomhaíocht aeráide.

**Seirbhísí Aeráide**

Tiomsú agus soláthar sonraí aeráide ardchaighdeáin do lucht na cinnteoireachta, tacú leis an tsochaí i gcoitinne, agus éascú forbartha agus measúnaithe straitéisigh i dtaca le hoiriúnú don athrú aeráide, agus an t-athrú aeráide a mhaolú.

**Aeráid**

Is éard is aeráid ann ná meán na staide aimsire thar thréimhse fhada, 30 bliain de ghnáth. Uaireanta, tagraítear do mheáin fhadtéarmacha paraiméadar meitéareolaíochta amhail báisteach, teocht agus taitneamh na gréine mar 'ghnáthluachanna'.



## Cuspóir 2.2

**Seirbhísí faisnéise aeráide inrochtana agus inghníomhaithe a sheachadadh ar fud na n-earnálacha go léir.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Faisnéis aeráide a chur in iúl trí bhealaí iomadúla a sheachadann faisnéis aeráide atá soiléir, caighdeánaithe agus inrochtana d'Éirinn san am atá caite agus sa todhchaí.
- Seirbhísí aeráide saincheaptha a chur chun cinn agus tacú leo trí rannpháirtíocht le cinnteoirí agus trí shaineolas agus seirbhísí saincheaptha a sholáthar dóibh chun a chinntiú go gcuirtear feabhas ar thorthaí socheacnamaíocha le faisnéis ábhartha aeráide.
- Tacú leis an bpobal um oiriúnú don aeráid trí na réamh-mheastacháin aeráide is déanaí d'Éirinn a sholáthar i bhformáidí inrochtana chun cabhrú le tacú le pleanáil oiriúnaithe aeráide na hÉireann faoi neamhchinnteacht sa todhchaí agus imeachtaí aeráide cumaisc atá ag athrú.

## Cuspóir 2.3

**Le comhoibriú le heagraíochtaí saineolacha eile, comhordú a dhéanamh ar sholáthar agus ar fheabhsú seirbhísí aeráide náisiúnta caighdeánaithe.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Comhordú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí náisiúnta aeráide trí chomhpháirtíochtaí le soláthraithe seirbhísí aeráide agus sonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta, déanfaimid comhordú ar sholáthar seirbhísí aeráide caighdeánaithe atá saincheaptha d'Éirinn.
- Sonraí aeráide a aistriú go faisnéis phraiticiúil agus inghníomhaithe d'úsáideoirí agus do gheallsealbhóirí, ag baint úsáide as an gCreat Náisiúnta um Sheirbhísí Aeráide.

### Torthaí

Má tá faisnéis aeráide d'ardchaighdeán ar fáil go háitiúil agus go réigiúnach, spreagfaidh seo tuiscint feabhsaithe ar an saghas athraithe atá ag teacht ar aeráid na hÉireann, conas is dócha go n-athróidh sí amach anseo agus na tionchair a bhaineann leis sin. Déanfaidh an fhaisnéis seo níos éasca é, pleanáil agus gníomhaíocht aeráide eolasach a dhéanamh, agus beidh cinnteoireacht níos fearr ann dá réir, chun tacú le hathléimneacht aeráide.



## Sprioc 3

## Guth éifeachtach údarásach agus ceannaireacht straitéiseach a sholáthar ar an aimsir agus ar an aeráid in Éirinn.

D'fhonn ullmhacht a chinntiú do thionchair teagmhais aimsire foircneacha in aeráid atá ag athrú, coimeádfaidh Met Éireann ár nguth údarásach ar an aimsir, ar réamhaisnéis tuile agus ar an aeráid in Éirinn, beidh tionchar aige ar pheirspictíochtaí agus forbróidh sé ár n-ábharthacht agus ár muinín leis an bpobal trí thacaíocht ardcháilíochta a sholáthar go leanúnach trínár seirbhísí aimsire, tuilte agus aeráide d'Éirinn. Bainfimid é seo amach trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar ár rannpháirtíocht leis an tsochaí, trí chumarsáid, rannpháirtíocht agus teagmháil le saoránaigh a fheabhsú.

Soláthróidh ár bhfoirne saineolaithe an fhaisnéis agus na seirbhísí a sholáthraímid agus beidh siad bunaithe ar an bhfianaise agus na sonraí eolaíocha is déanaí. Cothóimid for-rochtain agus rannpháirtíocht den scoth a nascann ár seirbhísí lenár n-úsáideoirí go léir, ag baint leasa as eolaíocht na saoránach, ag glacadh cur chuige uile-mheánach, agus ag baint leasa as acmhainn nuálaíochta na meán sóisialta chun tuiscint an phobail a fheabhsú agus ár rochtain a leathnú.

Soláthróidh Met Éireann ceannaireacht straitéiseach i réimsí na meitéareolaíochta, na haeráide, na hidreolaíochta agus na haigéaneolaíochta chun ullmhacht agus cumas an Stáit chun oiriúnú d'imeachtaí ardtionchair agus foircneacha aimsire agus ár n-aeráid athraitheach a chinntiú agus chun a n-éifeachtaí a mhaolú.





## Cuspóir 3.1

**Rannpháirtíocht fheabhsaithe leis an bpobal taighde eolaíoch agus theicniúil agus le heolaithe saoránaigh.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Iarrann taighde fócasaithe taighde nuálach agus fás ar chumas taighde eolaíoch agus theicniúil náisiúnta a chothú trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhfuil tábhacht straitéiseach acu a bhaineann le hadhaimsir, hidreolaíocht agus an ghéarchéim aeráide.
- Malartú spriocdhírithe eolais agus taighde leis an saol acadúil, leis an tionscal agus le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Feachtais rannpháirtíochta a reáchtáil le pobail agus le heolaithe saoránaigh chun feasacht agus tuiscint ar an aimsir, hidreolaíocht, aigéaneolaíocht agus eolaíocht aeráide a ardú agus chun rannpháirtíocht a chothú i monatóireacht agus anailís ar aimsir agus aeráid na hÉireann.

## Cuspóir 3.2

**Aimsir, réamhaisnéisí tuilte agus riosca aeráide agus éiginnteacht a mhíniú agus a chur in iúl go héifeachtach.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- A chinntiú go bhfaigheann an pobal an teachtaireacht riosca aimsire chuí agus go dtuigeann siad conas ciall a bhaint aisti trí aimsir shochaíoch agus ullmhacht aeráide a chur chun cinn trí cheardlanna rannpháirtíochta atá dírithe ar úsáideoirí.
- Láithreacht meáin láidir Met Éireann a chothabháil agus a fhorbairt ar fud na meán cumarsáide chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gach déimeagrafaic thar gach cainéal, modh agus ardán cumarsáide.
- Taighde sóisialta agus iompair agus anailís a dhéanamh atá dírithe ar fhreagairt úsáideoirí ar theagmhais agus ar fhaisnéis aimsire agus aeráide.
- Saineolas ar an aimsir, ar an aeráid agus ar thuilte a sholáthar d'Éirinn ar bhonn leanúnach.

## Cuspóir 3.3

**Gníomhaíochtaí for-rochtana, oideachais agus cur chun cinn a fheabhsú chun tacú le tuiscint agus seirbhísí eolaíochtbhunaithe don aimsir, don aeráid agus do thuilte in Éirinn.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Acmhainní oideachais feabhsaithe a sholáthar chun feasacht a ardú agus tuiscint a dhoimhniú ag an Stát, ag an bpobal agus ag an tionscal faoi na seirbhísí agus an fhaisnéis a sholáthraíonn Met Éireann chun tacú leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as sonraí aimsire agus aeráide, as a dtiocfaidh torthaí níos fearr maidir le hiarmhairtí aimsire agus aeráide a bhainistiú.
- Leanúint le rochtain, ábharthacht, freastal agus tionchar na faisnéise agus na seirbhísí a sholáthraíonn Met Éireann a mhéadú thar ardáin agus cainéil iolracha.
- Cultúr aimsire, hidreolaíochta agus feasachta aeráide a chothú trí raon leathan de rannpháirtíocht dhíreach leis an bpobal, trí na healaíona cruthaitheacha, tionscnaimh dírithe ar an óige agus for-rochtain ag imeachtaí náisiúnta, scoileanna, coláistí agus leibhéal an phobail.
- Dul i dteagmháil leis an bpobal agus le heolaithe saoránach chun acmhainneacht gléasanna pearsanta a ghiaráil (e.g. gutháin) mar mhodh chun dearadh agus seachadadh seirbhíse a chur chun cinn.

## Cuspóir 3.4

**Feabhas a chur ar mhúnla seachadta seirbhíse Met Éireann chun riachtanais na Sochaí a réamh-mheas agus freagraí a thabhairt dóibh maidir le hathrú aimsire agus aeráide.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Ár soláthar seirbhíse a neartú bunaithe ar fhíorú feidhmíochta agus ar ghá, aiseolas agus riachtanais an úsáideora chun an toradh is fearr is féidir a sholáthar don tsochaí.
- Feidhmíocht agus torthaí seirbhísí a mheasúnú agus a mhonatórú bunaithe ar ár dtiomantas do sheirbhísí ardchaighdeáin, tomhas, measúnú agus feabhsú feidhmíochta a dhéanamh go leanúnach.

### Torthaí

Caomhnóidh Met Éireann go hindeimhnithe, a ghlór iontaofa mar sholáthróir tosaíochta réamhaisnéisí aimsire agus tuilte mar aon le seirbhísí aeraide in Éirinn i measc gach aoisghrúpa, trí réimse leathan ardán faisnéise. Cuirfear Straitéis chuimsitheach Chumarsáide i bhfeidhm chun cumarsáid chomhsheasmhach, éifeachtach agus fhreagrach a chothú ar fud Met Éireann agus, beidh caidreamh feabhsaithe againn le páirtithe leasmhara. Beidh fianaise ar fheasacht agus tuiscint mhéadaithe ar ról agus luach Met Éireann i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara agus an phobail. Beidh cumas agus scileanna treisithe na foirne againn chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil le lucht féachana agus ardáin meán éagsúla.



## Sprioc 4

**Feabhas a chur ar shármhaitheas agus nuálaíocht eolaíoch chun na seirbhísí is iontaofa a sholáthar don tsochaí agus chun tacú le timpeallacht fiontraíochta le haghaidh seirbhísí aimsire, tuilte agus aeráide.**

Neartóidh Met Éireann a fheabhas eolaíoch trínár gcultúr taighde agus nuálaíochta a neartú agus a leathnú agus leas a bhaint as na deiseanna a chuireann IS/MF agus dul chun cinn teicneolaíochta eile ar fáil.


Leathnóimid ár gClár Taighde, bunaithe ar chomhoibriú le haonáin sheachtracha. Soláthróidh an dul chun cinn leanúnach a dhéanaimid inár gclár eolaíoch cumas níos fearr chun seirbhísí níos nuálaí, níos iontaofa agus níos cruinne a fhorbairt.

### Cuspóir 4.1

**Ár n-acmhainn eolaíoch a neartú trí chomhpháirtíochtaí taighde agus líonraí ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Líonra comhpháirtíochta taighde a bhunú agus leanúint de chomhoibriú eolaíoch agus teicniúil náisiúnta a chothú trínár gClár Taighde um Hidreolaíocht Aimsire, Aigéaneolaíochta agus Aeráide.
- Ár gcomhoibriú le Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta agus Hidreolaíochta eile agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil comhleas acu ar thaighde agus ar fhorbairt dírithe a mhéadú chun córais thuarthacha nua a thógáil.



Le caoinchead ó EUMETSAT



## Cuspóir 4.2

**Cumas samhaltaithe agus tuartha Dhomhanchórais na hÉireann a neartú.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Feabhas a chur ar acmhainn réamhaisnéise munlaí aimsire, tuilte agus aeráide agus a chinntiú go bhfuil na réamhaisnéisí agus na insamhaltaí is fearr atá ar fáil ar fáil de réir gach scála ama.
- Ár dtaighde dírithe a leathnú ar thuiscint a fheabhsú ar phróisis agus ar dhinimic aeráide an Atlantaigh Thuaidh a mbíonn tionchar acu ar aeráid athraitheach na hÉireann.
- Modhanna láidre meastóireachta agus fíoraithe a úsáid chun fianaise a sholáthar a léiríonn an toradh ar ár n-infheistíochtaí in eolaíocht agus i seirbhísí.

## Cuspóir 4.3

**Tacaíocht réamhaisnéise is fearr a sholáthar roimh theagmhais aimsire ardtionchair agus lena linn le forbairt uirlisí agus faisnéis fheabhsaithe atá dírithe ar an úsáideoir.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Leas a bhaint as na sonraí, na teicnící agus an taighde is déanaí chun seirbhísí sonraí nua atá dírithe ar úsáideoirí a fhorbairt chun tacú le réamhaisnéisí agus rabhaidh le seirbhísí uasghrádaithe agus nuálacha bunaithe ar na forbairtí is déanaí ar shonraí satailíte agus radair aimsire.
- Seirbhísí tuar reatha ardchaighdeáin a sholáthar trí na teicnící agus na huirlisí comhleá sonraí is déanaí chun scileanna réamhaisnéise a fheabhsú agus chun sainchomhairle a thabhairt le linn teagmhais aimsire ardtionchair.

## Cuspóir 4.4:

**Cumais Intleachta Shaorga (IS) agus Meaisínfhoghlama (MF) a fhorbairt i dtaighde, oibríochtaí agus seirbhísí.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Cur chuige 'IS/MF ar dTús' a chur i bhfeidhm, ar fud an tslabhra luacha iomláin, chun faisnéis agus sonraí ardchaighdeáin a fhorbairt agus a sholáthar ar sheirbhísí aimsire, aeráide agus tuilte.
- Ollúnacht IS Met Éireann a threisiú agus cláir thaighde a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna eolaíocha agus teicniúla atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn.
- Feabhas a chur ar thuar aimsire agus aeráide trí chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le cuideachtaí teicneolaíochta agus trí chomhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá chun tosaigh i nuálaíocht agus taighde IS/MF a neartú chun ár gcumas réamhaisnéise a fheabhsú.

**Intleacht Shaorga (IS)**
Is éard is Intleacht Shaorga ann ná forbairt córais ríomhaireachta ar féidir leo tascanna a dhéanamh a dteastaíonn faisnéis dhaonna uathu de ghnáth. I measc na dtascanna seo tá fadhbréiteach, teanga nádúrtha a thuiscint agus patrúin a aithint.

## Cuspóir 4.5

**Meaisínfhoghlaim (MF)**
Is fothacar de IS í Meaisínfhoghlaim a dhíríonn go sonrach ar fhorbairt halgartaim a ligeann do ríomhairí foghlaim agus feabhsú ó thaithí. In ionad a bheith cláraithe go sainráite chun tasc a dhéanamh, úsáideann halgartaim MF sonraí chun patrúin a aithint agus chun cinntí a dhéanamh.
I dtéarmaí simplí, is í IS an coincheap níos leithne maidir le meaisíní a bheith in ann tascanna a dhéanamh ar bhealach "cliste", agus is cur chuige sonrach é MF chun IS a bhaint amach trí ligean do mheaisíní foghlaim ó shonraí.

## Cuspóir 4.5

**Dul i dteagmháil le héiceachóras Fiontraíochta na hÉireann chun tacú le timpeallacht ghnó Meitéareolaíochta atá gníomhach agus bríomhar in Éirinn.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Rochtain bharrfheabhsaithe a éascú chun sonraí aimsire, hidreolaíochta agus aeráide a oscailt agus cur leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as sonraí oscailte.
- Tacú le pobal fiontraíochta meitéareolaíochta, hidreolaíoch agus aeráide bríomhar eolaíoch trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí, trí rannpháirtíocht oscailte, agus trí chomhoibriú le tionscal i réimsí comhleasa.
- Rialachas agus córais náisiúnta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun tacair sonraí meitéareolaíochta agus hidreolaíocha, prótacail rabhaidh, prótacail ghuaise agus réimsí freagrachta a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta a bhainistiú.

**Sonraí Oscailte**
Soláthar sonraí agus táirgí lena n-úsáid agus a n-athúsáid shaor faoi cheadúnas oscailte.

## Torthaí

Cumasóidh sármhaitheas eolaíoch feabhsaithe a bhaintear amach trí thaighde agus forbairt spriocdhírithe tacaíocht fheabhsaithe do chinnteoireacht. Beidh ullmhacht sochaíoch níos fearr agus cumas náisiúnta feabhsaithe mar thoradh air sin. Le feidhmiú ardfheidhmchláir bunaithe ar IS/MF, cuirfear táirgí agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil ar fud an tslabhra luacha iomláin.

Seirbhísí feabhsaithe aimsire, tuilte agus aeráide bainte amach trí acmhainneacht mhéadaithe HPC (cumas ríomhaireachta ardfheidhmíochta), sonraí breathnadóireachta feabhsaithe, agus seirbhísí TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) atá athléimneach, láidir agus lúfar. Taighde Meitéareolaíochta, Hidreolaíoch agus aeráide a ghineann eolas, táirgí nua, agus foirmeacha nua de chomhoibriú tionsclaíoch. Meitéareolaíocht mar fhórsa tiomána don nuálaíocht a chuireann le hiomaíochas, fás agus cruthú post.

## Sprioc 5

## Ár dteicneolaíocht agus ár mbonneagar eolaíochtbhunaithe a mhéadú chun soláthar seirbhísí aimsire, tuilte agus aeráide den chaighdeán is airde a chumasú.

Chun seirbhísí ardchaighdeáin aimsire, tuilte agus aeráide a sholáthar ní mór do Met Éireann bonneagar láidir, solúbtha agus athléimneach a chinntiú. Bainfimid leas as deiseanna nua lena n-áirítear úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí suaiteacha chun a chinntiú go bhfuil bonneagar meitéareolaíochta agus hidreolaíoch oiriúnach don fheidhm ag Éirinn arna thacú ag córais TFC atá slán agus athléimneach.


Is gá do Met Éireann a acmhainneacht a choinneáil sa chaoi gur féidir leis a bheith ag súil leis na riachtanais athraitheacha a thiocfaidh chun cinn agus a bheith in ann déileáil leo. De réir mar a bhíonn teicneolaíochtaí ag dul chun cinn, déanfar líonraí breathnóireachta a uasghrádú agus a fhorbairt. Eagrófar seirbhísí TFC go héifeachtach le go bhfreastalóidh siad ar éilimh mhéadaitheacha, ar a náirítear fáil ar shonraí breathnóireachta agus soláthar Sonraí Oscailte. Ní mór do Met Éireann socruithe a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil cumas ríomhaireachta ardfheidhmíochta (HPC) leordhóthanach ann le feabhsuithe múnlaithe agus tuair a spreagadh. Beidh cur chuige meabhrach solúbtha d'fhorbairt córas ina bhonn le soláthar seirbhísí a fhreastalaíonn ar riachtanais na sochaí.

### Cuspóir 5.1

**Feidhmíocht, inoiriúnaitheacht agus cibearshlándáil na gcóras ríomhaireachta a neartú.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Cur chuige an néil ar dtús a chur i bhfeidhm le béim a chur ar úsáid néaltheicneolaíochta chun luas, athléimneacht, slándáil agus aclaíocht ár gcórais TFC a bharrfheabhsú.
- Rochtain fheabhsaithe ar ailtireacht ríomhaireachta úrscothacha inbhuanaithe agus ar ríomhaireacht ardfheidhmíochta chun feabhsuithe samhaltaithe agus tuair a bhaint amach.
- Láraonad forbartha feidhmchlár a bhunú, ailtire córais sinsearach a fhostú agus úinéirí próisis a shannadh ó na rannáin ábhartha do gach córas feidhmchláir ríthábhachtach TF (Teicneolaíocht Faisnéise) ina gceantar agus bord athbhreithnithe TFC tras-rannóige a bhunú.





## Cuspóir 5.2

**Bonneagar monatóireachta Náisiúnta Meitéareolaíochta, Clíomeolaíochta, Hidreolaíochta agus Aigéin na hÉireann a fhorbairt agus a leathnú.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- An gréasán radair aimsire, líonraí oibriúcháin, agus teicneolaíocht cianbhraiteachta a leathnú chun tacú le réamhaisnéis agus monatóireacht aimsire, aeráide agus tuilte.
- Cumhdach breathnóireachta feabhsaithe trí mheasúnú cáilíochta agus úsáid sonraí tríú páirtí, eolaíochta saoránach, feistí IOT (Idirlíon na nEarraí).
- Úsáid fheabhsaithe a bhaint as breathnóireacht le haghaidh réamhaisnéisí tuair reatha agus réamhaisnéisí bunaithe ar thionchar agus le saothrú Meaisínfhoghlama agus Intleachta Saorga chun próiseáil breathnóireachta a fheabhsú.

## Cuspóir 5.3

**Inrochtaineacht, inúsáidteacht agus cáilíocht na sonraí agus na dtáirgí a fheabhsú.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Téigh i mbun clár athnuachana agus nuachóirithe leanúnach ar ár gcórais, áiseanna agus ardáin.
- Uasmhéadú agus coimeád shonraí na hearnála poiblí i bhformáidí saor in aisce agus oscailte, rud a sholáthraíonn tacair sonraí údarásacha don mheitéareolaíocht agus don aeráid dár bpáirtithe leasmhara.

## Cuspóir 5.4

**Feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí monatóireachta aimsire, aeráide, hidriméadrach agus cósta agus ar líonraí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Tacú le feabhsú líonraí monatóireachta náisiúnta trí chomhpháirtíochtaí náisiúnta (e.g. GCOS-Ireland, GOOS, GAW, ICOS etc.)
- Ceannaireacht ar leibhéal náisiúnta agus domhanda do chláir a fheabhsaíonn cláir mhonatóireachta ar chóras an domhain in aeráid atá ag athrú agus a thacaíonn leo siúd.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí náisiúnta cósta agus hidreolaíochta chun líonraí reatha do shamhaltú hidreolaíoch agus cósta a fheabhsú agus a leathnú.
- Ceannaireacht agus treoir a sholáthar do bhreathnuithe hidreolaíocha in Éirinn.

### Torthaí

Bainfear amach seirbhísí feabhsaithe aimsire, tuilte agus aeráide trí shonraí breathnadóireachta feabhsaithe. Déanfar freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara trí líonraí breathnadóireachta a fheabhsú, mar shampla an gréasán náisiúnta radair aimsire a fheabhsú. Beidh ailtireacht ríomhaireachta agus HPC úrscothach i bhfeidhm ag baint úsáide as néalteicneolaíocht ar dtús. Cuirfear clár láidir rannpháirtíochta eolaíochta saoránach i bhfeidhm.



## Sprioc 6

## Sainfhórsa oibre gairmiúil agus ardoilte a choinneáil agus a mhéadú le hinbhuanaitheacht i gcroílár na mbealaí a n-oibrímid.

Éilíonn luas na n-athruithe eolaíochta agus teicneolaíochta agus an raon tosaíochtaí atá os comhair Met Éireann tacaíocht ó lucht saothair saineolaithe, gairmiúil agus spreagtha. Leanfaimid lenár n-acmhainn inmheánach a neartú trínár bhfoireann a fhorbairt chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht dóibh le forbairt ghairmiúil leanúnach, oiliúint agus teicneolaíocht atá dírithe.

Díreoidh ár spásanna oibre ar inbhuanaitheacht, agus bainfimid leas as na deiseanna a chuireann an teicneolaíocht ar fáil lena chinntiú go mbeidh timpeallacht oibre tharraingteach ardfheidhmíochta ar fáil do chách. Cuirfidh sé seo ar chumas Met Éireann a bheith níos cumasaí, ullmhaithe níos fearr agus níos aclaí inár seachadadh seirbhíse.

### Cuspóir 6.1

**Fostaithe cáilithe, spreagtha agus ilchineálach a mhealladh agus a choinneáil.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Próiseas earcaíochta éifeachtach agus éifeachtúil a bhainistiú chun na tallainne is fearr a mhealladh agus a fhostú do Met Éireann.
- Éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú a chur chun cinn, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú agus dearcthaí iolracha a ionchorprú sa phróiseas bainistíochta agus cinnteoireachta.
- Páirt a ghlacadh i seónna bóthair institiúidí tríú leibhéal chun Met Éireann a thaispeáint mar fhostóir tarraingteach ETIM.
- Feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus sásamh fostaithe trí aitheantas agus tionscnaimh aiseolais.
- Téigh i gcomhair leis an earnáil tríú leibhéal chun deiseanna oideachais agus fostaíochta aimsire agus aeráide in Éirinn a fhiosrú.
- Feabhas a chur ar fholláine fostaithe trí chur chuige iomlánaíoch a chothú a thugann aghaidh ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach.
- Tacú le fostaithe páirt a ghlacadh i dtionscnaimh oibrithe deonacha/ carthanachta.



## Cuspóir 6.2

**Ardchaighdeáin seirbhíse agus feidhmíochta a chothabháil i Met Éireann.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Cultúr foghlama agus forbartha a leabú chun na deiseanna forbartha pearsanta agus gairmiúla a uasmhéadú dár bhfoireann.
- Deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a chur ar fáil le cur ar chumas na foirne fás agus feidhmiú chomh maith agus is féidir leo as a dtiocfaidh rátaí arda sástachta poist agus feidhmíocht eisceachtúil leanúnach aonair agus eagraíochtúil.
- Ár struchtúir eagraíochtúla agus ár bpróisis tacaíochta corparáidí a bharrfheabhsú chun seachadadh lúfar seirbhísí aimsire, aeráide agus tuilte a mhéadú.
- Córas bainistíochta cáilíochta a chur i bhfeidhm ar fud Met Éireann a thacóidh le hathrú eagraíochtúil éifeachtach.
- Deiseanna a éascú don fhoireann chun dul i mbun gníomhaíochtaí taighde agus cláir mhalartaithe.

## Cuspóir 6.3

**Áiseanna oiriúnacha agus inrochtana a sholáthar d'fhostaithe.**

*Cad a dhéanfaimid:*

- Timpeallacht oibre il-láithreán ardfheidhmíochta a fheidhmiú.
- Na háiseanna riachtanacha a sholáthar don fhoireann a chinnteoidh rath agus inbhuanaitheacht san fhadtéarma.
- Folláine san ionad oibre a chur chun cinn agus folláine fhisiciúil agus mheabhrach na foirne a chur in ord tosaíochta.
- Cur chuige carbóin glan-nialasach a úsáid chun oibriú i dtreo na carbón-neodrachta.

### Torthaí

Aithneofar Met Éireann mar ionad oibre tarraingteach le fórsa saothair gairmiúil fuinniúil, ardoilte agus leibhéil arda coinneála foirne. Beidh Clár Forbartha Gairmiúla Leanúnach i bhfeidhm. Aithneofar ár seirbhísí aimsire, tuilte agus aeráide agus ár ngníomhaíochtaí taighde eolaíochta mar nithe atá á ndéanamh ar ard chaighdeán go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Tacóidh ár n-áiseanna leis an bhfoireann agus freastalóidh siad ar riachtanais ghnó Met Éireann.





# An Todhchaí

Tá na Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta ag forbairt níos faide ná a róil thraidisiúnta maidir le réamhaisnéis na haimsire agus monatóireacht aeráide. Tá ról ríthábhachtach acu anois i soláthar seirbhísí aeráide, rioscaí tubaiste a laghdú, réamhaisnéis tuile agus cosaint an chomhshaoil. De réir mar a éiríonn tionchair athrú aeráide na hÉireann níos suntasaí, beidh ar Met Éireann ár n-acmhainní i samhaltú aeráide, seirbhísí aeráide agus córais luathrabhaidh ilghuaise a fheabhsú.

Éascóidh an Creat Náisiúnta um Sheirbhísí Aeráide comhoibriú idir soláthraithe agus úsáideoirí. Bainfear úsáid as dul chun cinn i dteicneolaíochtaí, mar ríomhaireacht ardfheidhmíochta, IS agus satailítí Domhanbhreathnóireachta chun réamh-mheastachán uimhriúil aimsire agus samhlacha réamhaisnéise tuilte a fheabhsú as a dtiocfaidh réamhaisnéisí níos cruinne, ag cuidiú leis an tsochaí a chabhróidh leis an tsochaí ullmhú le haghaidh teagmhais aimsire foircneacha.

Cuirfidh ár gcomhroinnt sonraí fíor-ama le scaipeadh sonraí.

Beidh Ollúnacht Met Éireann i gceannas ar chlár in IS agus MF chun feidhmchláir den chéad ghlúin eile a tháirgeadh ar sheirbhísí aimsire agus aeráide.

Go hachomair, is éard atá i gceist le todhchaí Met Éireann ná róil nua a ghlacadh, teicneolaíocht a threisiú, réamhaisnéisí aimsire agus tuilte ilghuaiseacha bunaithe ar thionchar a sholáthar, seirbhísí aeráide a sholáthar, seirbhísí réamhaisnéise tuilte a sheachadadh, athléimneacht a chur chun cinn, agus comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta a chothú.

# Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí

Le linn an chéad deich mbliana romhainn amach, cuirfidh príomh-chomhpháirtíochtaí Met Éireann ar a chumas, a dhualgais a chomhlíonadh agus a uaillmhianta a bhaint amach, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Le déileáil leis na dúshláin seo agus cinn eile nach iad, beidh tábhacht ag baint le tionscadail chomhaoinithe tríú páirtí mar bhealach le hacmhainní a chur ag feidhmiú.

Beidh réimse éagsúil príomhchomhpháirtithe i gceist:

- Taighdeoirí agus an earnáil acadúlachta
  - le gur féidir cur amach agus tuiscint níos fearr a fháil ar an mbuneolaíocht.
- Gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta
  - le go gcoinneoimid suas le dea-chleachtais agus go bhfeabhsóimid ár gcumas mar eagraíocht.
- Cosaint shibhialta, sláinte phoiblí, cosaint comhshaoil agus na meáin
  - lena chinntiú go mbainfear lántairbhe as saineolas eolaíochta sa tsochaí shibhialta.
- Earnálacha geilleagracha a bhraitheann ar an aimsir, mar shampla, an eitlíocht, an t-iascach, an talmhaíocht, an t-airgeadas agus an tógáil
  - le go ndéanfaidh gach earnáil orthu sin a cion ar son forbairt gheilleagrach inbhuanaithe ar bhonn náisiúnta.
- Na hearnálacha tionscail agus fiontair
  - chun tionscnamh teicneolaíochtaí agus seirbhísí nuálaíocha a spreagadh le go mbeidh deiseanna tráchtála ann dá bharr.



# Cur i bhfeidhm

Chun go n-éireoidh linn ár n-uaillmhian a bhaint amach, beidh ar gach éinne in Met Éireann ina iomláine leanúint den obair agus den rannpháirtíocht ghníomhach. Is fís é an plean straitéiseach seo a léiríonn treo ár n-eagraíochta sa todhchaí.

Le linn an deich mbliain atá romhainn, beidh ar gach cuid de Met Éireann sraith pleananna 3 bliana a chur ar fáil, a mbeidh spriocanna sonraithe iontu a thagann leis an Straitéis seo. Déanfaidh Coiste Bainistíochta Met Éireann torthaí gach ceann de na pleananna oibríochtúla seo a bhreithniú ar bhonn bliantúil.

Is doiciméad beo é seo; beimid réidh le glacadh le hathruithe ar ár dtimpeallacht oibrithe le linn thréimhse an phlean straitéisigh, agus bainfimid leas as deiseanna nua nó glacfaimid leo mar is gá.

Déanfaidh Stiúrthóir Met Éireann maoirseacht ar athbhreithniú bliantúil an Phlean Straitéisigh, agus cuirfidh tuarascáil fhoirmiúil maidir le dul chun cinn ar fáil do Bhord Bainistíochta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.



# Meastóireacht Feidhmíochta

Tá Met Éireann tiomanta, tuairisciú a chur ar fáil i dtaca le feidhmíocht, agus í a mheasúnú go hoibiachtúil fónta. Déanfar measúnú maidir le príomh-mhéadracht feidhmíochta (e.g. agaí tionscanta agus cruinneas um rabhaidh réamhaisnéise), agus í sin méadaithe ag tomhais sásaimh i bpríomhghrúpaí (e.g. bainisteoirí éigeandála), agus anuas air sin, forbrófar tomhais chuimsitheacha fónta i leith táirgí agus seirbhísí.

Lena hais sin, na táscairí go bhfuil ag éirí linn, arna sonrú thuas, léiríonn siad toradh sásúil ag leibhéal na sochaí a bhraitheann, ní hamháin ar thorthaí Met Éireann féin, ach ar éifeacht úsáid na dtorthaí sin sa tsochaí, agus freagairt na sochaí dóibh.

Tá níos mó dúshlán ag baint le measúnú feidhmíochta atá bunaithe ar thorthaí, ach is fónta é freisin – féachann sé le fáil amach conas a chruthaíonn táirgí agus seirbhísí Met Éireann luach don tsochaí agus cé chomh mór is atá tionchar an luacha sin i dtaca le héifeachtúlacht eacnamaíochta, torthaí geilleagracha agus sábháilteacht phoiblí feabhsaithe. Aon dul chun cinn a dhéanfar maidir le torthaí den chineál seo a thomhas, braithfidh sé go mór ar rannpháirtíocht chomhoibríoch le taighde agus uirlisí eacnamaíochta agus uirlisí eile eolaíochta sóisialta.

Úsáidfidh Met Éireann na táscairí thuas mar phointe tosaigh chun plean mionsonraithe a fhorbairt maidir le conas bearta agus spriocanna sochaí níos sonraithe a mhíniú is a rianú, agus conas bunlíne a shannadh dóibh.



# Gluais na dTéarmaí

| | |
|---|---|
| **LERAM** | Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin. |
| **CEFT** | Córas Eorpach maidir le Feasacht Tuile. |
| **EUMETNET** | Líonra Seirbhísí Meitéareolaíochta Náisiúnta Eorpacha - grúpáil Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta Eorpacha a chuireann creat ar fáil le cláir chomhoibríocha a eagrú idir a Baill. |
| **EUMETSAT** | Eagraíocht Eorpach chun Sochar a Bhaint as Satailítí Meitéareolaíochta. |
| **Euro GOOS** | Córas Breathnóireachta Aigéin Dhomhanda na hEorpa. |
| **RA** | Ríomhaireacht ardfheidhmíochta - úsáid sár-ríomhairí agus teicnící próiseála comhuainí chun fadhbanna ríomhaireachtúla casta amhail múnlaí réamhaisnéise aeráide agus aimsire a réiteach. |
| **TFC** | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. |
| **TAU** | Tuar Aimsire Uimhriúil - múnlaí matamaitice a úsáid chun staid an atmaisféir a ionsamhlú agus a thuar sa todhchaí agus chun réamhaisnéisí agus rabhaidh aimsire a threorú. |
| **SNRRT** | An tSeirbhís Náisiúnta Rabhaidh Réamhaisnéise Tuilte. |
| **ETIM** | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic. |
| **EDM** | Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta. |



# Ár Líonra Idirnáisiúnta

ECMWF

EUMETNET

ACCORD
A Consortium for COnvection-scale modelling Research and Development

WORLD METEOROLOGICAL ORGANIZATION

ICAO • OACI • ИКАО

EUMETSAT

United Weather Centres



© Met Éireann, 2024
Plean Straitéiseach Met Éireann 2024-2034

Foilsithe ag Met Éireann
rannán den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

ISBN: 978-1-917198-01-1
Praghas: Leagan ar líne saor in aisce
Deireadh Fómhair 2024

Met Éireann
65/67 Cnoc Ghlas Naíon, Baile Átha Cliath, D09 Y921, Éire
Teil: +353-1-8064200
Ríomhphost: met.eireann@met.ie
Suíomh gréasáin: www.met.ie

Ba cheart an doiciméad seo a thagairt mar seo a leanas: Plean Straitéiseach Met Éireann 2024-2034 (2024), Met Éireann, ISBN: 978-1-917198-01-1.

Pictiúir le caoinchead ó fhoireann Met Éireann.





An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland